2026/1053

18.5.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1053 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Bealtaine 2026

lena ndiúltaítear iarratas ar chlárú táisc gheografaigh i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

('Geyve Ayvası' (ATFC))

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026) 3012)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 21(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2024/1143, scrúdaigh an Coimisiún an t-iarratas ar chlárú an ainm 'Geyve Ayvası' (PDO-TR-03283) mar ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC), arb iarratas é a chuir Sakarya Commodity Exchange (an Tuirc) isteach an 11 Iúil 2024.

(2) Tar éis an t-iarratas ar chlárú a scrúdú, an 20 Meán Fómhair 2024, chuir an Coimisiún a bharúlacha in iúl, agus béim á leagan aige ar easnaimh san iarratas, go háirithe maidir leis an iarratasóir, an tuairisc ar an táirge, an cruthúnas tionscnaimh, na rialacha sonracha maidir le pacáistiú agus lipéadú, agus an nasc leis an limistéar geografach. Iarradh ar an iarratasóir coigeartuithe agus soiléirithe a sholáthar.

(3) Níor thug an t-iarratasóir freagra.

(4) An 8 Iúil 2025, chuir an Coimisiún an t-iarratasóir ar an eolas go raibh sé ar intinn aige tús a chur leis an nós imeachta chun cinneadh foirmiúil ón gCoimisiún a ghlacadh lena ndiúltófaí an t-iarratas de bhun Airteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2024/1143, mura gcuirfí leagan athbhreithnithe den iarratas ar chlárú isteach nó mura dtarraingeofaí siar an t-iarratas.

(5) Is le stádas Sakarya Commodity Exchange mar iarratasóir a bhain na neamhchomhréireachtaí a luaitear i litir an 8 Iúil 2025. Go háirithe, chuir an Coimisiún in iúl nach n-urramaítear na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2024/1143. Ní léiríonn an t-iarratas mar a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin é gur grúpa táirgeoirí é Sakarya Commodity Exchange ina bhfuil comhaltaí a bhíonn ag obair leis an táirge, a bhfuil a ainm beartaithe lena chlárú.

(6) Níor thug an t-iarratasóir barúlacha ná níor iarr sé go dtarraingeofaí siar an t-iarratas laistigh den tréimhse 2 mhí a sonraíodh tar éis dó an litir a fháil.

(7) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún nach gcomhlíonann an t-iarratas ar chlárú 'Geyve Ayvası' mar ATFC ceanglais Airteagal 14(2) de Rialachán (AE) 2024/1143.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart an t-iarratas ar chosaint an ainm 'Geyve Ayvası' mar ATFC a dhiúltú.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Beartas Cáilíochta maidir le táirgí talmhaíochta, fíon agus deochanna biotáilleacha,

([1]) IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Diúltaítear an t-iarratas ar chlárú an ainm ‘Geyve Ayvası’ mar ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC).

Airteagal 2

Is chuig an iarratasóir a dhírítear an Cinneadh seo:

Sakarya Commodity Exchange (SCE) / Sakarya Ticaret Borsası (GTB)
Tekeler Mahallesi, Çevre Yolu Üzeri,
54100 Adapazarı/Sakarya, Türkiye

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Bealtaine 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Christophe HANSEN
Comhalta den Choimisiún